

Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge den Oireachtas


Dé Céadaoin 10 Márta 2021, an tOllamh Pádraig Ó Duibhir, Leas-Déan, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile átha Cliath

Aitheasc ar Chórás Díolúintí ó Staidéar na Gaeilge

Gabhairim buíochas le Cathaoirleach Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge den Oireachtas, Aengus Ó Snodaigh, TD, as cuireadh a thabhairt dom aitheasc a thabhairt don Chomhchoiste maidir le Córás Díolúintí ón nGaeilge.

Cúlra

- Tá díolúintí á mbronnadh i scoileanna príomhshrutha in Éirinn ó na 1970idí i leith. Rinneadh é seo chun freastal ar dhaltaí a raibh riachtanais foghlama tromchúiseacha acu.
- Ó na 1990idí ar aghaidh bronnadh díolúine ar dhá phríomhchúis, daltaí ag teacht / a fuair oideachas thar lear nó daltaí a raibh míchumas foghlama acu.
- In 1999 bhí díolúine ó staidéar na Gaeilge ag 2.5% de dhaltaí iar-bhunscoile, rud go bhféadfaí a mhaíomh a bhí annamh agus eisceachtúil.
- In 2016 bhí díolúine ó staidéar na Gaeilge ag 9.2% de dhaltaí iar-bhunscoile.
- Chuir an Roinn Oideachais túis le próiseas comhairliúcháin maidir le díolúintí i Mí na Nollag 2018 agus d'eisigh an Roinn ciorcláin i mí Mheáin Fómhair 2019 bunaithe ar chuid den aiseolas ón gcomhairliúcháin.
- Tháinig fás 43% ar líon na ndaltaí iar-bhunscoile a fuair díolúine de bharr míchumas foghlama le cúig bliana anuas agus fás 11% idir 2019 agus 2020 atá faoi réir na gciorclán agus an chórais nua.



Fíor 1. Daltaí iar-bhunscoile dar deonaíodh díolúine de bharr míchumas foghlama 2016-2020

Próiséas comhairliúcháin

Cé gur fháiltigh mé roimh mhíreanna áirithe sna ciorcláin, bhíos an-bhuardha ar an iomlán go dtiocfaidh méadú mór ar líon na scoláirí a mbeadh díolúine acu. Tá an tuar tagtha faoin tairngreacht sin i bhfianaise an méadú 11% in 2020.

Is é mo thuairim nach bhfuil an córas nua ag teacht leis an taighde oideachasúil ar oideachas ionchuimsíthigh (inclusive education) agus na bealaí is éifeachtaí le freastal ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Séann sé a n-oidhreacht teanga agus buntáistí cognáiocha an dátheangachais ar céadán suntasach scoláirí. Níl sé ag teacht le spriocanna na Roinne faoin Plean Gníomhaíochta 2021 nó reachtaíocht EPSEN.

Sprioc 2: A chinntíú go mbíonn cothromas deiseanna san oideachas ag gach dalta agus go dtacaítear leo chun a n-acmhainneacht a chomhlíonadh
 (Ensure that all pupils experience equity of opportunity in education and are supported to fulfil their potential.)

Dar le EPSEN (2004) (Education for persons with special education needs): “A child with special education needs shall be educated in an inclusive environment with children who do not have such needs unless the nature or degree of those needs of the child is such that to do so would be inconsistent with the best interests of the child”.

An bhfuil bunús le díolúintí sa lá atá inniu ann?

Ba léir ón athbhreithniú cuimsitheach a rinne An Chigireacht ar bheartas agus cleachtas maidir le díolúintí ó staidéar na Gaeilge in 2018 nach raibh córas na ndíolúintí mar a bhí sé á chur i bhfeidhm go sásúil. Ach in áit an cheist a chur faoin mbunús a bhí le díolúintí sa lá atá inniu ann, thug siad faoi chóras lochtach a dheisiú.

Aontaím go mba chóir díolúine a bhronnadh i gcásanna annamha agus eisceachtúla (2-3%) chun cuidiú leis na daltaí is leochailí sa chóras, páistí le deacrachartaí foghlama tromchúiseacha de bharr éagumais nó easord sainitheanta, nó páistí inimirceach a bhfuil dúshláin bhereise le sárú acu agus iad ag socrú isteach i gcóras oideachais coimhthíoch.

Léiríonn an taighde an tairbhe atá le baint ag gach páiste eile as foghlaim an dara teanga. Fiú amháin páistí a bhfuil riachtanais foghlama ar leith acu ar nós dislécse, éiríonn leo dul chun cinn maith a dhéanamh ag teacht lena gcumas sa chéad teanga. Taispeánann líon na ndaltaí a raibh díolúine acu ó staidéar ar an nGaeilge i 2016 agus a rinne staidéar ar theangacha eile don Teastas Sóisearach (67%) **nach bhfuil a leithéid de rud ann agus sainmhíchumas foghlama teanga**. Tá riachtanais speisialta oideachais, ar nós dislécse, diospraicse agus speictream an uathachais, ag 9.4% de dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge agus dul chun cinn maith a ndéanamh acu.

Toisc go bhfuil a leithéid de rud ann agus díolúine, tugann sé an teachtaireacht d'fhoghlaimeoirí go bhfuil foghlaim na Gaeilge deacair agus go bhfuil daoine áirithe ann nach féidir leo an Ghaeilge a fhoghlaim. Creideann tuismitheoirí go mbeidh sé ró-dheacair dá bpáistí agus go mba chóir dóibh díolúine a lorg. Anuas air sin, baineann sé an brú ón gcóras freastal mar ba chóir ar na foghlaimeoirí uilig agus cur chuige ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm. Tá strus ar dhaltaí áirithe mar thoradh ar chur chuige teagaisc mí-oriúnach. Ní hiad díolúintí an réiteach air seo.

Deirtear sa sonrúchán Gaeilge don tSraith Shóisearach; “déanann an scoláire éisteacht, labhairt agus léitheoireacht sa T2 agus i dteanga eile ag leibhéal inniúlachta atá **ag teacht lena c(h)umas féin**”. Tá an ráiteas seo a leanas i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2019); “Is do mhúinteoirí gach páiste, **beag beann ar chumas**, i ngach comhthéacs scoile é an curaclam”. Is léir nach bhfuil na rialacha a bhaineann leis an díolúine ó staidéar na Gaeilge ag teacht le polasaithe reatha na Roinne i réimsí eile.

Cad iad na critéir faoina mbronnfar díolúine?

Táim an-bhuardha faoi na critéir atá i bhfeidhm faoi na ciorcláin nua. Ní theastaíonn ach scór ar an 10ú peircintíl nó faoina bhun ar thriail litrithe **nó** léamh focal **nó** tuiscint na léitheoireacht. Níl sé seo cuimsitheach go leor. Tugann an critéar den 10ú peircintíl le fios gur cinneadh eolaíoch é seo. Níor aontaigh an Dyslexia Association

of Ireland (DAI) leis seo ina aighneacht ach oiread: “Any cut-off on a discrete test (one test, of one skill, on one day) is inherently flawed and will unfairly penalise some people.” Dar le Wight (2021), “There is currently no assessment in a student’s native language that is an adequate predictor of their success in acquiring another language”.

Conclúid

Le filleadh ar an bpróiseas comhairliúcháin, is dóigh linn go raibh sé lochtach toisc nár cuireadh an cheist cheart .i. an bhfuil bunús le díolúintí sa lá atá inniu ann? Maíonn an Roinn gur thacaigh tromlach na bhfreagróirí leis na moltaí a bhí sna dréachtchiorcláin. Bhí an ceistneoir féin claonta agus níos thug sé deis do fhreagróirí tuairimí malartacha a noctadadh. Mar a dúirt an DAI: “Many of the questions asked could be answered exactly the same by individuals with diametrically opposed views”.

Ar na cúiseanna seo uilig iarraim ar Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge iarradh ar an Roinn Oideachais Ciorcláin 0052/2019 agus 0053/2019 a aistarraingt.

Díolúintí ó Staidéar ar an nGaeilge

Cur i láthair agus moltaí don Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge den Oireachtas faoi córas na ndíolúintí ón nGaeilge, agus gabhaim buíochas leis an gcathaoirleach, Aengus Ó Snodaigh, TD, as an gcuireadh a thabhairt dom.

Oiriúnacht choincheap na díolúine i gcás oideachais teanga

Rinne an Roinn Oideachais athbhreithniú ar bheartas agus cleachtas maidir le díolúintí ó staidéar na Gaeilge in 2018 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018a). Chuir na páipéis chomhairliúcháin (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018b) agus an anailís ar threochtaí a bhí ar fáil i dTuarascáil Taighde na Cigireacht an-eolas ar fáil don phobal. Scríobh mé féin agus mo chomhghleacaithe i SEALBHÚ: Láirionad Taighde DCU um Fhoghlaím agus Teagasc na Gaeilge aighneacht don chomhairliúchán ag an am bunaithe ar na cáipéisí seo, ar an litríocht idirnáisiúnta ar an ábhar, agus ar ár gcuid taithí agus saineolas (Ó Duibhir, et al., 2019).

Ba léir ó na páipéis chomhairliúcháin, ó Thuarascáil Taighde na Cigireachta (2018a) agus ó thaighde Mhuiris Uí Laoire (2013) nach raibh córas na ndíolúintí mar a bhí sé á chur i bhfeidhm i scoileanna na tíre ag an am ag feidhmiú go sásúil. Ceapadh an polasaí le cuidiú leis na daltaí ba leochailí sa chóras, páistí le deacrachtaí foghlama tromchúiseacha de bharr éagumais nó easord sainitheanta, nó páistí inimirceach a raibh dúshláin bħreise le sárú acu agus iad ag socrú isteach i gcóras oideachais coimhthíoch. Thug an Roinn le fios gur i gcásanna annamha agus eisceachtúla amháin ba chóir díolúintí a bhronnadh agus aontaím leis sin. Níor mhór sainmhíniú agus comhthuiscint bheacht a bheith ar fáil faoi cad atá i gceist le cás annamh nó eisceachtúil, áfach, ag cur san áireamh go bhfuil glacadh go forleathan le prionsabail na héagsúlachta agus na hilghnéitheachta – agus an gá atá le difreálú agus cur in oiriúint curaclaim do shainriachtanais foghlaimeoirí – i ngach comhthéacs oideachais anois. Bhí díolúine ag 9.2% de dhaltaí in 2016, ráta nach raibh annamh nó eisceachtúil dar liom. Mar a léirigh mé san aitheasc tháinig ardú 43% ar líon na ndíolúintí a bronnnadh de bharr míchumas foghlama idir 2016 agus 2020.

D'fhéadfá cás a dhéanamh ar son díolúine i gcás páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá casta, ar nós míchumas foghlama ginearálta trom, roinnt páistí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánach acu, agus páistí a bhfuil neamhord trom urlabhra agus teanga acu. Cé is moite de na cásanna annamha agus eisceachtúla seo, a mbeadh idir 2% agus 3% den phobal scoile ar a mhéad i gceist leo, níl aon fhianaise nó bunús ann sa taighde náisiúnta nó idirnáisiúnta a thacódh le díolúine ó staidéar ar an nGaeilge. Léiríonn an taighde an tairbhe atá le baint as foghlaim an dara teanga do gach páiste eile.

Míníodh sa pháipéar comhairliúchán gur leathnaíodh na socruithe maidir le díolúine a bhí á gcur i bhfeidhm i scoileanna speisialta amháin anuas go dtí na 1970idí go dtí an córas príomhshrutha trí chéile:

Ag an túis, cuireadh é sin i bhfeidhm i scoileanna speisialta ach, ó na 1970aidí i leith, mar gheall ar dhul chun cinn a bheith ag teacht ar ár dtuiscint ar na RSO [riachtanais speisialta oideachais] agus i gcomhréir le beartas na Roinne maidir le hionchuimisiú, tugadh isteach córais fhoirmiúla a cheadaigh díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge do roinnt scoláirí i scoileanna príomhshrutha (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018b: 3).

B'fhéidir go raibh an beartas seo le moladh leathchéad bliain ó shin agus thiocfadh formhór na ndaltaí seo faoin 2-3% a luagh mé thuas. Ach tá an t-uafás foghlamtha againn ó na 1970idí i leith agus tá an córas reatha faoina mbronntar díolúintí ag déanamh dochair sna réimsí seo a leanas:

- i. séanann sé buntáistí an dátheangachais ar pháistí,
- ii. tagann sé salach ar fhís an chóras oideachais polasaithe ionchuimsíthigh a chur i bhfeidhm,
- iii. cuireann sé strus ar pháistí a cheapann nach féidir leo Gaeilge a fhoghlaím agus ligean sé don chóras leanúint le modhanna teagaisc mí-oiriúnacha,
- iv. cuireann sé fearg agus frustrachas ar thuismitheoirí mura féidir leo díolúine a fháil dá bpáistí,
- v. scaipeann sé eolas míchruinn ar mhúinteoirí a cheapann nach mbeidh páiste faoin 10ú peircintíl in ann Gaeilge a fhoghlaím,
- vi. ceileann sé deiseanna imeasctha ar imircigh chun na tíre.

Sna rannóga seo a leanas, leagaim amach roinnt moltaí chun an dochar seo a sheachaint nó a mhaolú.

1. Buntáistí an dátheangachais

Léiríonn taighde éagsúil le dhá scór bliain anuas go mbaineann buntáistí cognaíocha leis an dátheangachas. Baineann na buntáistí seo le cumas airde agus feidhme feidhmiúcháin (executive function) níos fearr a bheith ag dátheangaigh ná mar a bhíonn ag aonteangaigh (Bialystok, 2009). Fuarthas na buntáistí seo le páistí a shealbhaigh dhá theanga go luath sa teaghlaigh nó sa chomhluadar mórrhimpeall orthu (Carlson & Meltzoff, 2008). Leanann na buntáistí seo le daoine fásta agus daoine scothaosta (Bialystok et al., 2006). Tá sé faigte amach fiú gur féidir leis an dátheangachas an próiseas néaltraithe seanaoise a mhoillíú (Bialystok, 2009) agus baineann an buntáiste seo le daoine a d'fhoghlaím an dara teanga mar dhaoine fásta chomh maith (Bak et al., 2014). Meastar go dtarlaíonn an néaltrú níos déanaí i gcás daoine dátheangacha toisc go bhforbraíonn siad cumas airde agus feidhme feidhmiúcháin níos fearr i gcaitheamh a saoil agus go gcruthaíonn sé seo cúltaisce cognaíoch (cognitive reserve) a mhoillíonn an néaltrú. Is féidir le cumas airde níos fearr cabhrú le dátheangaigh fadhbanna a réiteach toisc go mbíonn siad níos fearr ag díriú ar an eolas riachtanach agus eolas nach bhfuil tábhachtach a chur as an áireamh (Kroll & Bialystok, 2013).

In Éirinn, bíonn deis ag dalta tú a chur le foghlaim na Gaeilge ag aois óg. Is í an Ghaeilge an dara teanga dá bhformhór. Anuas ar an teagmháil lena n-oidhreacht a thugann an próiséas seo, foghlaimíonn páistí bealaí leis an dara teanga a fhoghlaim. Léiríonn an taighde go gcuidíonn foghlaim an dara teanga le foghlaim teangacha breise ar ball rud a tharlaíonn san air-bhunscoil i láthair na huaire.

Moladh 1: In áit a bheith ag cur diolúintí chun cinn, ba chóir don chóras oideachais trí chéile a bheith ag míniú do dhaltaí, do thuismitheoirí agus don phobal an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge.

2. Polasaithe oideachais ionchuimsithigh

I gcomhréir le beartas na Roinne maidir le hionchuimsiú, mar sin, níor mhór níos mó tacaíochta a thabhairt do chur chuige d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a chuimsíonn prionsabail ionchuimsitheacha, dearadh uilíoch don fhoghlaim agus idirdhealú (Florian & Linklater 2010; Meyer, Rose & Gordon 2014). Is í an aidhm ba cheart a bheith ann ná a chinntíú go mbeadh gach dalta in ann rochtain a fháil ar oidhreacht shaibhir na Gaeilge ina gcuid oideachais ag an leibhéal cuí dóibh.

Mar thír, táimid tar éis glacadh le prionsabal an ionchuimsithe agus tá moladh mór ag dul don ghlúin tuismitheoirí a throid ar son cearta oideachais a gcuid páistí le riachtanais speisialta. Tá polasaí an ionchuimsithe agus an phríomhshruithe faoi bhagairt, áfach, ag an nóisean nach féidir le páistí le riachtanais speisialta déileáil ar chor ar bith leis an dara teanga nó gur buntáiste oideachasúil atá ann dóibh croí-ábhar curaclaim – agus ábhar atá in ainm is a bheith á chomhtháthú le hábhair uile an churaclaim ag an mbunleibhéal – a cheilt go hiomlán orthu. Tá taighde fairsing ann a léiríonn nach bhfuil a leithéid de rud ann agus ‘míchumas foghlama teanga’ ann féin (féach: Sparks 2009; Sparks 2016; Wight 2015; Tynan 2018, mar shampla). Go deimhin, léiríonn taithí pháistí na Gaeltachta agus taithí na nglúnta inimirceach go mbíonn páistí ar gach leibhéal cumais in ann an dara agus an tríú teanga a fhoghlaim ach na cúinsí foghlama a bheith dearfach agus tacúil. Is éard a léiríonn an taighde thuasluaite ná go mbíonn speictream cumais i gceist i ngach rang teanga agus gurb é dúshlán an mhúinteora teanga straitéisí agus acmhainní idirdhealaithe agus difréalaithe a fhorbairt agus – má táimid dáiríre faoin ionchuimsiú – na tortaí foghlama a chur in oiriúint do shainriachtanais ar leith.

Moladh 2: Molaim don Roinn Oideachais beart a dhéanamh de réir a briathar agus, m.sh., Sprioc 2 dá phlean Gníomhaíochta 2021 a chur i bhfeidhm: “A chinntíú go mbíonn cothromas deiseanna san oideachas ag gach dalta agus go dtacaítear leo chun a n-acmhainneacht a chomhlíonadh”

3. Strus ar pháistí a cheapann nach féidir leo Gaeilge a foghlaim agus modhanna teagaisc mí-oiriúnacha

Rinneadh trácht in Athbhreithniú na Cigireachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2018a) agus sa Tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí (Flynn et al., 2019) ar an imní a bhain le foghlaim na Gaeilge do dhaltaí áirithe. Rinneadh plé chomh maith céanna ar na daltaí le Neamhord Speictream an Uathachais a tuairiscíodh a bheith faoi strus de bharr a bheith ag foghlaim na Gaeilge. Luigh an tuarascáil an dóigh a raibh ardú suntasach ar líon na daltaí a rinne tagairt don imní agus don strus mar chúis le díolúine ó staidéar ar an nGaeilge a lorg. Níor mhaith le hínne go mbeadh an iomarca struis ar pháiste ar bith ag foghlaim na Gaeilge ach baineann strus áirithe le foghlaim dara teanga ar bith mar a fheicimid sa litríocht idirnáisiúnta.

Luaitear ‘strus’ agus ‘imní’ go minic sa litríocht ar foghlaim an dara teanga. Cuirtear síos ar an strus agus ar an imní seo mar bhac ar foghlaim an dara teanga mar a mhaíonn Schultz agus Fisher, mar shampla:

Stress is a major hindrance in language learning process. This process is by its nature time consuming and stress provoking ... and raises the stress level to a point at which it interferes with student attention and efficiency and undermines motivation (Schultz & Fisher 1988).

Spreagtar múinteoirí, mar sin, le dul i mbun ghníomhaíochtaí foghlama cosúil le cluichí (Wright, Betteridge, & Buckby 2006) leis an strus agus an imní seo a laghdú i measc na ndaltaí. Léirítear sa litríocht idirnáisiúnta go gcuirtear strus ar dhaltaí áirithe nuair nach bhfuil siad eolach go leor ar an teanga agus go gcuirtear leis an strus nuair a bhíonn ar an dalta labhairt os ard os comhair an ranga. Ní féidir a rá, áfach, go moltar gur chóir do na daltaí seo éirí as foghlaim an dara teanga agus cuirtear béim ar an gceangal atá ann idir cumas na ndaltaí sa dara teanga agus an strus a fhulaingítar:

Practical implications have to do with the way that foreign language educators address anxiety in classroom instruction. If anxiety is a consequence of weak language skills rather than a cause of poor performance in foreign language classes, then classroom teachers will need to address these language issues as a primary focus of instruction prior to or simultaneously with efforts to address students' anxiety. It may be that students' anxiety will diminish as their language skills improve. (Sparks & Ganschow 2007: 279-280)

Go deimhin, átítear go láidir i gcuid den litríocht idirnáisiúnta gur chóir oideachas ionchuimsitheach ceart a chur ar fáil do gach dalta, in ainneoin na ndeacrachtaí foghlama nó na ndeacrachtaí pearsanta atá acu (Wight 2002).

Moladh 3: In áit díolúine a bhronnadh mar réiteach ar an strus, moltar don Roinn Oideachais múinteoirí a chumasú le straitéisí agus acmhainní teagaisc idirdhealaithe agus difréalaithe a forbairt a laghdódh strus sa seomra ranga Gaeilge.

4. Fearg agus frustrachas thuismitheoirí

Luadh i dTuarascáil na Cigireachta go mbíodh gaol go minic idir an strus a bhíonn ar pháistí agus an dearcadh diúltach a bhíonn ag tuismitheoirí na bpáistí sin i leith na Gaeilge. Má tá an dátheangachas sochaíoch le cur chun cinn agus acmhainní foghlama teangacha i gcoitinne le forbairt, níor mhór athchoincheapú a dhéanamh ar an nGaeilge mar ábhar agus a tábhacht a mhíniú i gcomhthéacs forbairt chognaíoch, fheasacht teanga, oideachas saoránachta agus oideachas cultúrtha na bpáistí thar an speictream uile cumais. Is gá an teachtaireacht seo a thabhairt do thuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne. Dá ndéanfaí é sin, bheadh sé níb fhusa ansin a chinntí gur i gcásanna annamha eisceachtúla amháin a bhainfí úsáid as díolúine ar staidéar ar an nGaeilge mar bhealach le dul i ngleic le riachtanais foghlama páistí.

Toisc go bhfuil díolúintí á mbronnadh go forleathan, ceapann tuismitheoirí má bhíonn aon deacracht nó strus ar a bpáistí nach bhfuil ar a gcumas an Ghaeilge a fhoghlaim. Tagann fearg agus frustrachas orthu mura mbronntar díolúine ar a bpáistí. Mar a léirigh Sparks (2016: 262),

policies that allow for course substitutions and waivers only for students who are classified as LD (*learning disabled*) would likely increase the number of students classified as LD because only diagnosed students can access the aforementioned benefits.

Breathnaítear ar dhíolúine ó staidéar ar an nGaeilge mar bhealach chun éalú ó rud atá dúshlánach seachas tacú le daltaí a bhfuil riachtanas ar leith acu. Ba cheart glan-idirdhealú a dhéanamh idir díolúintí agus aon tacaíochtaí breise foghlama a bheith ar fáil bunaithe ar shainriachtanais a bheadh aitheanta ag múinteoirí.

Moladh 4: Moltar don Roinn Oideachais tábhacht na Gaeilge mar chuid d'fhorbairt chognaíoch, fheasacht teanga, oideachas saoránachta agus oideachas cultúrtha na bpáistí a mhíniú do thuismitheoirí agus na deiseanna gairme a cheilfear ar pháistí nach ndéanann staidéar uirthi.

5. Eolas míchruinn ag múinteoirí agus tuismitheoirí faoin 10ú peircintíl mar chrítéar

Tá an critéir go mba chóir díolúine a bhronnadh ar dhalta a fhaigheann scór ag/faoi bhun an 10 peircintíl ar tháistíl scoite i Léitheoireacht Focal nó Léamhthuiscent nó Litriú i bhfad seo róscaoilte. Aithním go gcaithfidh

na deacrachartaí suntasacha foghlama a bheith leanúnach anuas air seo ach bheadh an phróifil seo ag beagnach gach dalta atá ag an 10 peircintíl nó faoina bun. An dochar atá déanta ag an gcritéar seo ná go gcreideann príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha gur labhair mé leo nach bhfuil daltaí atá ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl in ann an Ghaeilge nó an dara teanga a fhoghlaim rud nach bhfuil fíor. Níl aon fhianaise ann nach mbainfeadh formhór na ndaltaí faoin 10ú peircintíl tairbhe as staidéar ar an nGaeilge. Creideann tuismitheoirí an rud céanna. Mar a luaigh mé i m'aitheasc, dar leis an Dyslexia Association of Ireland “Any cut-off on a discrete test (one test, of one skill, on one day) is inherently flawed and will unfairly penalise some people”. In óráid a thug mé do phríomhoidí bunscoile luaigh mé sampla m'iníon féin a bhfuil dislécse uirthi. Bhí sí ar an 5ú peircintíl sa litriú ach d'éirigh léi torthaí maithe a bhaint amach sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Fhraincis i scrúdú na hArdteistiméireachta.

Tugann úsáid scoithphointe ar nós an 10ú peircintíl le fios go bhfuil cruinneas eolaíochta ag baint leis, rud nach bhfuil fíor. Bíonn earráid chaighdeánach tomhais (*standard measurement error*) ag baint le gach triail chaighdeánach. Fágatar go mbíonn scór ‘fíor’ an dalta laistigh de raon ag brath ar an eatramh muiníne (*confidence interval*) a chuirtear i bhfeidhm. Dá airde is ea an t-eatramh muiníne, 90% mar shampla, is ea is leithne an raon os cionn nó faoi bhun an scóir chaighdeánaigh a luíonn scór an dalta.

Moladh 5: Iarrtar ar an Roinn Oideachais Critéar C ii) a aistarraingt láithreach de bharr go bhfuil sé neamhbhailí (*tráth an iarratais ar dhíolúine ba cheart don scoláire Scór Caighdeánaithe ar thástáil scoite i Léitheoireacht Focal, sa Léamhthuiscint nó sa Litriú a bheith bainte amach atá ag/faoi bhun an 10ú peircintíl*).

6. Ceileann sé deiseanna imeaschta ar imircigh chun na tíre

Dhírigh mé go dtí seo ar chás na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ba mhaith liom an phríomhchúis eile go mbronntar díolúintí a cheistiú chomh maith .i. scoláirí a fuair a gcuid oideachais suas go dtí 12 bliain d'aois lasmuigh den stát. Nílim ag iarraidh Gaeilge a bhrú ar na daltaí seo atá ag dul i ngleic le foghlaim an Bhéarla den chéad uair. Ach ní dóigh liom go bhfuil sé maith go leor nach ndéantar aon iarracht cúrsa oriúnach Gaeilge a thairiscint, tar éis dóibh bunsileanna sa Bhéarla a bhaint amach. Tá seoid luachmhar againn sa Ghaeilge agus ní fheictear dom go bhfuil an tseoid seo á roinnt againn ar phobal nua na tíre trí rogha a thabhairt dóibh an Ghaeilge a fhoghlaim. Faoi chóras sláintiúil imeaschta (integration), bheadh na Gaeil ag foghlaim faoi theanga agus cultúr na n-inimirceach agus iad siúd ag foghlaim faoi theanga agus cultúr na tíre seo. Ina áit sin, is córas comhshamhlaithe (assimilation) atá i bhfeidhm. Léiríonn sé dar liom an easpa luacha a

leagaimid ar an nGaeilge agus ar ár gcultúr nach mbeimis ag súil go mbeadh spéis ag inimircigh an teanga a fhoghlaim. Is léiriú é freisin ar an easpa stádas atá ag an nGaeilge i bhfírinne.

Moladh 6: Iarrtar ar an Roinn Oideachais, faoi pholasaí ionchuimsitheach oideachais, cláir Ghaeilge a fhorbairt a thabharfadhb deis d'inimircigh an Ghaeilge a fhoghlaim seachas díolúine iomlán a bhronnadh.

Athbhreithniú ar Chóras na nDíolúintí

Gheall an tAire Oideachais in 2019 agus na ciorcláin á gcur chuig scoileanna go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcorás nua tar éis dhá bhliain. Mar chuid den athbhreithniú seo ní mór oriúnacht na ndíolúintí a cheistiú mar réiteach sásúil le freastail ar éagsúlachtaí cumais. Níor tharla sé sin in 2018/2019 agus tá na díolúintí ag teacht salach ar an litríocht ar fad ar chleachtas ionchuimsitheach oideachais. Ní hamhán sin, tá córas na ndíolúintí ag teacht salach ar ráitis agus pleannana na Roinne féin ar chleachtas ionchuimsitheach oideachais. Léiríonn an fás 43% ó 2016 go bhfuil an córas as smacht agus nach bhfuil díolúintí á mbronnadh i gcásanna annamha agus eisceachtúla amháin mar a gheall an tAire Oideachais ag an am.

Moladh 7: Éilím ar an Roinn Oideachais, mar chuid den athbhreithniú ar chóras na ndíolúintí

- go gceisteofaí an bunús le díolúintí ó staidéar na Gaeilge,
- go dtabharfaí aird ar an litríocht idirnáisiúnta agus ar a chuid ráiteas féin i dtaobh an chleachtas ionchuimsitheach oideachais,
- go gcuirffí córas i bhfeidhm ina mbeadh rochtain ag gach dalta ar an gcuraclam ag leibhéal éagsúla a oireann dá gcumas.

Tagairtí

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (1996). Imlitir 12/96: Imlitir chuig boird bhainistíochta agus príomhoidí scoileanna náisiúnta: Leasú ar imlitir 18/79 maidir le díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge. Ar fáil ag: https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADDomhacha/pc12_96_ir.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2018a). *Athbhreithniú ar bheartas agus cleachtais maidir le díolúintí ó staidéar na Gaeilge.* Ar fáil ag: https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/D%C3%ADol%C3%BAine-%C3%B3n-Gaeilge/irish_exemption_review_of_policy_and_practice_ir.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2018b). *Páipéar Comhairliúchán: Treo an Pholasáí sa Toghcheá maidir le Díolúintí ó Staidéar na Gaeilge.* Ar fáil ag: https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/D%C3%ADol%C3%BAine-%C3%B3n-Gaeilge/irish_exemption_consultation_paper_ir.pdf

Bak, T. H., Nissan, J. J., Allerhand, M. M., & Deary, I. J. (2014). Does bilingualism influence cognitive aging? *Annals of Neurology.* <https://doi.org/10.1002/ana.24158>

Bialystok, E. (2009). Bilingualism: The good, the bad, and the indifferent. *Bilingualism: Language and Cognition*, 12(1), 3-11.

Bialystok, E., Craik, F. I., & Ryan, J. (2006). Executive control in a modified antisaccade task: Effects of aging and bilingualism. *Journal of experimental psychology: Learning, Memory, and Cognition*, 32(6), 1341. <https://doi.org/10.1037/0278-7393.32.6.1341>

Carlson, S. M., & Meltzoff, A. N. (2008). Bilingual experience and executive functioning in young children. *Developmental Science*, 11(2), 282-298. <https://doi.org/10.1111/j.1467-7687.2008.00675.x>

Florian, L., & Linklater, H. (2010). ‘Preparing teachers for inclusive education: using inclusive pedagogy to enhance teaching and learning for all’, *Cambridge Journal of Education*, 40(4).

Flynn, N., Murray, C., Lynch, A. & Davitt, E. (2019). *Tuarascáil ar an gcomhairliúchán poiblí ar dhíolúintí ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge i scoileanna.* Ollscoil na hÉireann Gaillimh. <https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Oideachais/tuarascail-ar-an-gcomhairliuchan-poibli-ar-dhioluinti-o-bheith-ag-deanamh-staideir-ar-an-ngaeilge-i-scoileanna.pdf>

Kroll, J. F., & Bialystok, E. (2013). Understanding the consequences of bilingualism for language processing and cognition. *Journal of Cognitive Psychology*, 25(5), 497-514. <https://doi.org/10.1080/20445911.2013.799170>

Meyer, A., Rose, D.H., & Gordon, D. (2014). *Universal design for learning: Theory and practice* (Wakefield MA: CAST).

Ó Duibhir, P. & Cummins, J. (2012). *Towards an integrated language curriculum in early childhood and primary education (3-12 years).* Ar fáil ag: https://www.ncca.ie/media/2467/towards_an_integrated_language_curriculum_in_early_childhood_and_primary_education.pdf

Ó Duibhir, P et al. (2019). *Treo an Pholasáí sa Toghcheá maidir le Díolúintí ó Staidéar ar an nGaeilge Aighneacht arna haighniú ag SEALBHÚ: Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na*

Gaeilge. SEALBHÚ: DCU

https://www.dcu.ie/sites/default/files/sealbhú/sealbhú_aighneacht_maidir_le_dioluine_o_staidear_ar_an_ngaeilge.pdf

Ó Laoire, Muiris. (2013). *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar ábhar iar-bhunscoile* (Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge).

Schultz, M. & Fisher, A. (1988). *Interacting in the language classroom. Games for all reasons.* (Massachusetts: Addison-Wesley Publishing Company).

Sparks, R. L. (2009). 'If You Don't Know Where You're Going, You'll Wind up Somewhere Else: The Case of "Foreign Language Learning Disability"' *Foreign Language Annals* 42(1), 7-26.

Sparks, R. L. (2016). 'Myths about foreign language learning and learning disabilities', *Foreign Language Annals*, 49(2), 252-270. doi:<http://dx.doi.org/10.1111/flan.12196>

Sparks, R. L., & Ganschow, L. (2007). 'Is the Foreign Language Classroom Anxiety Scale measuring anxiety or language skills?' *Foreign Language Annals*, 40(2), 260-287. doi:10.1111/j.1944-9720.2007.tb03201.x

Tynan, F. (2018). 'Exemptions from Irish: An inclusion dilemma', *REACH: Journal of Special Needs Education in Ireland*, 31 (1): 89-102.

Wight, M. C. S. (2015). 'Students with learning disabilities in the foreign language learning environment and the practice of exemption', *Foreign Language Annals* 48(1): 39-55.

Wright, A., Betteridge, D., & Buckby, M. (2006). *Games for language learning* (3rd ed.). (London: Cambridge University Press).



SEALBHÚ
Lárionad Taighde DCU
um Fhoghlaim agus Teagasc
na Gaeilge